

Logainmneacha na hÉireann: Cá bhfuil a dtriall?

(An Dr. Pádraig Ó Cearbhaill)

Ba é a chuir mé romham go príomha nuair a bhí an chaint seo á réiteach agam ná féachaint ar na hiarrachtaí atá déanta le breis is céad bliain anuas ar fhoirmeacha Gaeilge ár logainmneacha a chaighdeánú agus a chur os comhair an phobail, cruth agus stádas na logainmneacha Gaeilge sa lá atá inniu ann a chíoradh. Sara ndéanaim é sin, is dóigh liom gur fiú caighdeánú sin na logainmneacha a chur i gcomhthéacs stairiúil a chabhróidh linn cuid de na foirmeacha Gaeilge atá fós ina gcnámh spairne a thuiscint.

Chuirge sin ba mhaith liom féachaint ar théacs meánaoiseach a cumadh timpeall 1200 ar dá dhlúth agus dá inneach na logainmneacha. *Agallamh na Seanórach* atá i gceist agam. Cuntas atá ann ar an tslí ar casadh Caoilte mac Crunnchón mhic Rónáin, duine d'óglaigh dheireadh na féinne ar Naomh Pádraig, ar na turais a thugadar ar fud na tíre agus ar na scéalta, an dinnseanchas fiannaíochta a bhain leis na háiteanna inar ghabhadar.

Maidir le tábhacht na logainmneacha de sa scéal, seo cuntas atá bainte agam as aistriúchán ar an agallamh a foilsíodh sa bhliain 1999, *Tales of the Elders of Ireland*:

The basic framework holding the hundreds of stories together is provided by two major literary structures, themselves of primary importance to medieval Irish literature in general. One is the extremely important genre of the Dinnseanchas collection, the lore of place-names and the sum of underlying stories relating to an area and its name. This is one of the most deeply imbedded and persistent strands in all of Irish literature and provides the main structuring device and *raison d'être* of Tales. In the period in which cycles of Fenian tales were taking shape as a viable cultural project there was already in literary circulation a considerable mass of narratives, some of it authentic tradition, some of it the invention of Irish ecclesiastical men of learning, which provided an appropriate legend to account for local place-names.

Is minic a thugtar breis is ainm amháin ar an áit chéanna sna scéalta seo, an t-ainm comhaimseartha agus ainm eile atá in ainm is a bheith níos sine:

'ocus táncatar in da naonbar laoch sin a himlib **Shléibe Fuait** fonnscothaig foithremail co **lugbartaib bána** amach, risanabar **Lugbhadh** isin tan so.'

'ocus téit Cailte roime co **hInnber mBic Loinsig** i mBregaib risaráidter **mainistir Droichid Átha** isin tan so .i. Bec Loingsech mac Airist atorchair ann .i. mac rí Rómán táinic do ghabháil Eirenn co rusbáid tonn tuile ann é'. (Is ionann Mainistir Dhroichid Átha, nó An Mhainistir Mhór mar a thugtar air anois agus Mellifont a bhunaigh na Cistéirsigh sa bhliain 1142.)

Is i dtéarmaí tagartha thraidisiúin na sanasaíochta meánaoisí abhus a dhéanann an scoláire Rolf Baumgarten (*Ériu* XLI, 1990, 117) anailís ar 'logainmneacha' ar nós **Loch Gréine ingine Finn** nó **Sliab Echtge ingine Nuadha Aircetlaim** a fhaightear ann, .i. ainm athartha curtha le cáilitheoir ginidigh logainm ar tuigeadh gurbh ainm pearsanta é. Ní hí feidhm áitreabhach an chineáil seo ainm is tábhachtaí a thuilleadh,

'In cases such as these the placename is de-onomized to such an extent that it cannot be retained, as would be usual in modern editorial practice, in its Irish form in a translation of the text' (Baumgarten, loc. cit.). Tá toradh na sanasaíochta sin, ar mór idir é agus an anailís a dhéanfaí ar bhunús logainm inniu, taobh thiar den fhoirm 'Lugbartaibh bána' chomh maith cuir i gcás, ag cur in iúl gur **Lubhghoirt** 'herb gardens', seanainm **Lugbhadh** mar dhea.

Ba mhaith liom féachaint ar na hiarrachtaí atá déanta anois ar logainmneacha a chaighdeánú ó thosach an naoú haois déag. Seosamh Laoide a bhí ina eagarthóir ar an gcéad liosta cuimsitheach a foilsíodh, *Post-Sheanchas cuid a haon* (1905). Ar na liostaí a thugtar sa leabhar, tá cúigí, contaetha, bailte poist agus dúichí, leithéid **Corca Dhuibhne, Corcomruadh, Laoighis** (Conntae na Bainrioghna a bhí fós ar Cho. Laoise an uair úd), **Osruidhe, Oirghialla, Uí Dhuach** srl. Bhí an-fhonn ar an eagarthóir go n-usaidfí na sean-ainmneacha dúiche sin, m.sh. seoladh Gaeilge *Adamstown, Co. Wexford* ná **Magh Arnaidhe i nUíbh Ceinnsealaigh** (1905, *Post-Sheanchas cuid II* 1911).

Ní amháin sin, ach is amhlaidh a theastaigh ón Laoideach go gceanglófaí iad a oiread agus ab fhéidir le hainmneacha na mbailte poist:

All who can do so accurately should make as much use of these as possible in addressing their letters. If the name of the town be one word, the territory should be added to it in the genitive case, thus, Caiseal Mumhan = Cashel in Munster, Nás Laighean = Naas in Leinster, Darmhagh Ua nDuach = Durrow in Idogh, Brí Cualann = Bray in Cuala &c. It will be noticed that an adjective, especially mór, is often placed after town-names of this kind, Buirgheas Mór Osruidhe = Borris-in-Ossory, Ceanannus Mór na Midhe = Kells in Meath &c., the whole combination being now often regarded as the full form of the name. After these and Port Laoighise, Mainistir Laoighise, Buirgheas Ua nDróna &c., it is not necessary to write anything else, as they already contain the name of the territory.

Bhí aidhm chinnte mar sin le roghnú na bhfoirmeacha fada úd, gur seoladh iomlán a bheadh iontu. Téacs Béarla-Gaeilge ba ea an leabhar úd. Foilsíodh an dara cuid den saothar, an téacs Gaeilge-Béarla, sa bhliain 1911 agus cuireadh athchló air sa bhliain 1922. Fágadh liosta na ndúichí ar lár an turas seo agus is léir ón réamhrá gur chúis díomá don údar agus dá chúntóirí é sin:

Do léigheamar go deimhin [na litreacha gearáin úd do buaileadh fá chló in Irisleabhar na Gaeilge] agus is é rud do thuigeamar asta nach maith leis an ngnáth-Ghaedheal a thír dhúthchais féin do shaoradh ó Ghalldacht, go háirithe ó Ghalldacht ainmnithe. An fíor-Ghaedheal féin, daor atá ann fós, dá airde a gháir agus a bhéic! Is fearr leis go mór fada na conntaethe Gallda na dúithchí na sean-Ghaedheal. (S. Laoide, *Post-Sheanchas cuid II*, 1911)

Ceartaíodh roinnt botún i saothar na bliana 1911. Cloíodh leis na foirmeacha fada áfach. Cuirfidh mé roinnt samplaí i bhur láthair ar ball. Sara ndéanaim é sin ba mhaith liom tagairt a dhéanamh don chéad saothar eile den saghas seo a foilsíodh. Risteárd Ó Foghludha (Fiachra Éilgeach) an t-údar agus is é an teideal a bhí air, *Log-ainmneacha .i. Dictionary of Irish Placenames* ina raibh breis is seacht míle ainm de na cineálacha seo a leanas, de réir an leathanaigh teidil, 'Provinces, Counties, Dioceses, Baronies,

Electoral Divisions Post-Offices, Rivers Mountains, Lochs, Islands etc., etc.' I 1935 a foilsíodh é agus bhain an t-údar úsáid as saothar an Laoidigh:

Le mór-chuid blianta anuas níor fhéadas gan a thabhairt fé ndeara, dála gach aon Ghaedhilgeoir eile, an géir-riachtanas a bhí againn le leabhar acarthach ina mbeadh an Ghaedhal-fhoirm dar log-ainmneacha. Fuaireas fial-thead ó Chonradh na Gaedhilge c[h]um feidhm a bhaint as Post-Sheanchas, ó's aca atá ceartas an leabhair.

Ba mhaith liom súil a chaitheamh ar phátrún na logainmneacha fada i saothair an dá údar réamhráite. Ar dtús báire tá na logainmneacha a bhfuil ainm dúiche leo, a dhéanann beachtú ar a suíomh, leithéid **Aonach Urmhumhan**. I dtaca le cuid de na logainmneacha seo de, thug an Laoideach breis is foirm amháin agus i gcuid a dó dá shaothar tá beachtú breise déanta aige, mar atá 'Aonach Urmhumhan ["sean-ainm an bhaile"], An tAonach ["nua-ainm"]'. Le bheith cruinn, ní hamhlaidh atá. Seo cuid de na tagairtí stairiúla is sine don áit a fhaightear i dtéacsanna Gaeilge, mar aon le cúpla sampla luath de *N*- i dtosach an ainm i dtéacsanna Laidine:

Oenach Teite (1100c.), **do'n Aonach, isin Aonach** (1350c.), **an Aénaigh** (ginideach) (1548), **an t-Aonach** (1550c.), **Nenagh** alias **Enaghurron** (1596); **Nanach** (1220c.), **Naenach** (1317).

Aonach Urmhumhan (1905, 1935); **Aonach Urmhumhan** ['sean-ainm an bhaile'], **An tAonach** ['nua-ainm'] (1911).

Tugaigí faoi deara gurb é an sampla is sine de Aonach Urumhan ná foirm na bliana 1596, **Enaghurron**.

Ní thugtar ach foirm Ghaeilge amháin de **Chaiseal** sna trí shaothar atá faoi chaibidil: **Caiseal Mumhan** (1905, 1911, 1935). Má fhéachaimid ar an bhfianaise Ghaeilge ina hiomláine ó dheireadh an tseachtú haois go dtí lár an ochtú haois déag níl ach cúig shampla de **Caiseal Mumhan** ann san iomlán. (Féach Aguisín). Tá samplaí ann de **Caiseal Cuirc**, **Caiseal na Rí** chomh maith.

I dtaca leis **An Nás** de, mhol an Laoideach trí fhoirm Ghaeilge, **Nás Laighean**, **Nás na Ríogh**, **An Nás** agus mhol Fiachra Éilgeach dhá fhoirm, **Nás**, **Nás na Ríogh**. Ceann de láithrigh ríoga Laighean ba ea **An Nás** roimh theacht na Normannach agus tá raidhse tagairtí dó sa litríocht. **Nás**, gan aon fhocal cáilitheach is coitianta go mór fada, agus tá níos mó tagairtí do **Nás Laighean** sa litríocht ná do **Nás na Rí**; féach cuir i gcás 'a Nás Laighean' (1579, litir ó Iarla Deasmhumhan); 's úadhi rohainmniged Nás, Nás Lagen' (*Dindshenchas, An Leabhar Laighneach* 1160c.). Tá sampla suimiúil i gCín Lae Ó Mealláin (bliain 1646), **An tÁs**. Foirm fhorcheartaithe is ea í seo ní foláir, ón logthuiséal, leithéid 'ón Nás' srl. nó ón tuiséal ginideach, 'an Náis'— cruthúnas go raibh an t-alt in úsáid roimh **Nás** um an dtaca sin.

Ní luafad ach cúpla logainm eile den chineál seo:

Athraíodh ainm an cheantair uirbigh *Kells* go dtí **Ceanannus Mór** le hordú rialtais áitiúil (ar chuma **Dún Laoghaire** in ionad *Kingstown* cuir i gcás). I measc na raidhse tagairtí don logainm ó dheireadh an tseachtú haois amach, taobh amuigh den aguisín 'na Rí' a cuireadh leis an logainm in dhá théacs stairiúla, **Ceanannas** ina aonar a scríobhadh go dtí gur thug Séathrún Céitinn an tseachfhoirm **Ceanannas na Mí** air ina *Foras Feasa timpeall 1635*. In 1890 is ea a foilsíodh, in *Irisleabhar na Gaeilge*,

an sampla is luaithe de ‘Mór’ i lár an ainm: **Ceannadas Mór na Midhe**. Ní miste a lua go raibh baint nach beag ag an Laoideach leis an Irisleabhar céanna! Seo samplaí de litriú stairiúil an ainm: Cenondas (bliain 690c., *Tírechán, Leabhar Ard Mhacha*); Cenannas (743, *Annála Uladh*); Cenannas na Ríg (1160c., *An Leabhar Laighneach*); Ceanannas, Ceanannas na Midhe (1633c., *Foras Feasa ar Éirinn*); Ceannadas Mór na Midhe (1890, *Iris. na G*); Ceannadas (1900, *Iris. na G*). Ba iad foirmeacha Sheosaimh Laoide sa Phost-Sheanchas ná **Ceanannus Mór na Midhe** (‘locally Ceanadus mór na Midhe’) (1905, 1911) agus **Ceanannas** a scríobh Fiachra Éilgeach (1935).

Chun achoimre a thabhairt ar an méid sin, tá corrshampla stairiúil ar fáil díobh seo a leanas, de **Aonach Urumhan**, de **Caiseal Mumhan** chomh maith le **Caiseal Cuirc** agus **Caiseal na Rí**, de **Nás Laighean** in éineacht le **Nás na Rí**, de **Ceanannas na Rí** fara **Ceanannas na Mí**. I gcás na logainmneacha sin trí chéile, is í an fhoirm ghairid is coitianta, is buaine agus is leanúnaí san fhianaise stairiúil, **Aonach, Caiseal, Nás** agus **Ceanannas**. Tá logainmneacha eile ar cuireadh ainmneacha dúiche leo nach bhfuil aon seasamh stairiúil acu chuige, **Brí C(h)ualann** cuir i gcás murab ionann is **Bré**: ‘I do not know of any old authority for the name Brí Chualann’ a scríobh An tOllamh O.J. Bergin chomh fada siar le 1927 san Irish Times. ‘Dúnadh an dorais tar éis na foghla’ ba ea alt an Bheirgínigh! Chloígh Fiachra Éilgeach le **Brí Cualann** (1935) agus bhí an dá fhoirm a roghnaigh Seosamh Laoide i 1911 mícheart, **Brí Chualann** agus **Brí**.

Ní dhéanfaidh mé tagairt ach do dhá aicme shuaithe seacha eile d’fhoirmeacha fada logainmneacha: an chuid ar cuireadh ainm naoimh leo, **Achadh Bhó Chainnigh** i gCo. Laoise cuir i gcás, agus logainmneacha a bhfuil sloinne leo **Cabhán Uí Raghallaigh** mar shampla. Is i dtreo na bhfoirmeacha fada a chlaon ár mbeirt údar in a leithéidí de logainmneacha chomh maith. Sa chéad chuid de, *Post-Sheanchas* (1905) ba é **Cluainín** a tugadh ar *Manorhamilton*. Sa dara cuid den saothar, cuireadh **Cluainín Uí Ruairc** in ionad **Cluainín**. Cloíodh leis an leagan fada san i *Logainmneacha* Fhiachra Éilgeach (1935). Chomh fada le m’eolas, níl aon bhonn stairiúil faoin aguisín **Uí Ruairc**. Dealraíonn sé gur i saothar an Laoidigh is túisce a cuireadh an t-aguisín ‘Muire’ leis an logainm **Scoil** i gCo. Chorcaí—bhí an cheartfhoirm, **An Scoil**, aige freisin. I mbeagán focal, ach oiread le leaganacha an dinnseanchais a phléigh mé ar dhéantús saorga iad, níl aon bhunús stairiúil le cuid d’fhoirmeacha fada na logainmneacha a bhfuil tóir orthu fós.

Ní hamhlaidh atáim ag maíomh nár giorraíodh leaganacha fada logainmneacha. Is cinnte gur próiseas nádúrtha a bhí agus atá i ngiorrú logainmneacha. Seo cúpla sampla dá leithéid:

- a. **An Aird** (Co. an Dúin) / *Ards*: ‘ri **Arda Ua nEchach**’ (bliain 697), ‘i **nAird Ulad**’ (800c.), **Aird Ulad** (1012), ‘tuaristal rí **na hArda**’ (1050c.);
- b. **An Cnoc** (Co. Lú): ‘Is he inad i ndernad in felerese, **Cnoc na nApstol** il-Lughmhudh ... Mael-Maire Ua Gormain abb **in Chnuic** remhraite dos-róne.’ (Féilire Uí Ghormáin, 1166-74);
- c. **Cluain** (Co. Chorcaí) / Cloyne: ‘abb **Cluana Huama**’ (871), **Cluain Huama** (1088), ‘i **Cluain Uama**’ (1162), ‘go **Cluain**’ (1217), ‘cancellar **Cluana**’ (1259), ‘i **gCluain**’ (1679, Dáibhí Ó Bruadair).

Is cosúil gur sa tuiséal ginideach, nuair a bhíodh ainmfhocal eile roimh an logainm, agus sa logthuiséal a giorraíodh logainmneacha den chineál sin an chéaduair.

Cuimhnímis áfach nach féidir talamh slán a dhéanamh de gurb iad na foirmeacha fada is sine.

Sa bhliain 1969 foilsíodh *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist*, toradh taighde a bhí déanta ag an mBrainse Logainmneacha, ar chomhairle an Choimisiúin Logainmneacha, ar fhoirmeacha Gaeilge timpeall 2,800 baile poist, idir chathracha, bhailte móra agus sráidainmneacha. Bhí leaganacha sealadacha de na hainmneacha curtha ar fáil roimhe sin de réir cúigí sa tréimhse 1960-64 agus bhíothas ag súil ‘go spreagfadh [na liostaí] daoine eolacha i measc an phobail le go mbeadh a gcabhair le fáil go fonnmar ag an gCoimisiún [Logainmneacha] ina gcuid oibre’ (Réamhrá na Liostaí Sealadacha). Cuireadh na moltaí a tháinig ón bpobal san áireamh nuair a bhí na foirmeacha oifigiúla á socrú: cuireadh **An Cluainín** agus **An tAonach** mar shampla in ionad **Cluainín Uí Ruairc** agus **Aonach** (gan alt) sna Liostaí Sealadacha. Scríobh Máirtín Ó Cadhain léirmheas tuisceanach géar, mar ba dhual dó, ar na Liostaí Sealadacha d’Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan in *Feasta*, eagrán Eanáir 1961. D’fháiltigh sé roimh leaganacha gearra na logainmneacha agus roimh shimplíú an litrithe:

Is maith an rud é na seanfhoirmeacha fada fileata ar dóigh nach raibh a bhformhór ar bhéal an phobail ariamh a fheiceáil ar lár. An Gort i leaba Gort Inse Guaire atá anseo; An Daingean, Durlas, Tuaim, ... An Rinn, Inis, An Chathair, Conga srl. Tá corrghruagach againn fós nár mhiste deimheas Dhelilah a chur air: Cluainín Uí Ruairc, cuir i gcás, cé go n-admhaím gur logainm cluanach é. ...Le foirm bheo má tá a leithéid ann, leis an bhfoirm a bhí go deireanach ag pobal na Gaeilge, le foirm shimplí go mór mór atá muid ag tnúthán...

Sa bhliain 1973 ritheadh *An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge)*. Is é an aidhm a bhí leis an Acht ná foirmeacha oifigiúla Gaeilge de logainmneacha a bheith ar chomhaidhm agus ar chomhéifeacht leis na leaganacha Béarla.

Seo cuid dá raibh le rá ag John Kelly, Rúnaí Párlaiminte an Taoisigh, nuair a bhí an Bille faoi chaibidil sa Dáil i nDeireadh Fómhair 1973:

go bhfuilimid cráite le leathchhead bliain anuas i gcás na gcomharthaí bhóthair a cuireadh suas ar fud na tíre... táimid cráite le droch-Ghaeilge, le Gaeilge lochtach toisc gan na logainmneacha a bheith socraithe go cruinn ag údarás nó ag coimisiún éigin, toisc gan feidhm dlí acu ... Tá súil agam tar éis an bhille seo a bheith rite ag an dá Theach go dtabharfaidh gach Údarás Stáit, agus na húdaráis áitiúla go háirithe, go dtabharfaidh siad siúd aire do cibé logainm oifigiúil a shocrófar amach anseo ag an gCoimisiún Logainmneacha agus go gcuirfidh siad beagán stró orthu féin aire a thabhairt do cibé comhartha sráide a bheidh faoina gcúram i dtreo go mbeidh an Ghaeilge atá ann ceart agus go mbeidh caighdeán éigin le feiceáil ann.

Nach tráthúil a labhair sé!

Níor dearnadh ach dhá ordú faoin Acht réamhráite. Sa bhliain 1975, tugadh stádas dlíthiúil d’ainmneacha Gaeilge na mbailte poist sa Stát ar ordú ón Aire Airgeadais. Tar éis na cumhachtaí maidir le logainmneacha Gaeilge a aistriú ón Aire Airgeadais go dtí an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán i mí na Nollag 2000,

d'athraigh Síle de Valera an fhoirm oifigiúil Ghaeilge **An Cnoc go Cnoc Mhuire** i dtosach na bliana 2001.

Aisghaireadh *An tAcht Logainmneacha* (1973) nuair a ritheadh *Acht na dTeangacha Oifigiúla* (2003) agus leasaíodh stádas fhoirmeacha Gaeilge na logainmneacha san Acht nua. Seo mar atá ráite in *Acht na dTeangacha Oifigiúla*:

‘féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di comhairle a fháil ón gCoimisiún agus an chomhairle sin a bhreithniú, le hordú [logainmneacha],

(a) a dhearbhu gurb é an leagan Gaeilge de logainm a bheidh sonraithe san ordú cibé focal nó focail a shonróidh sé nó sí san ordú, [in Acht Logainmneacha 1973, seo mar a bhí: “a dhearbhu gurb é is iontamhail i nGaeilge do logainm a bheidh sonraithe san ordú cibé focal nó focail a shonróidh sé ann”]

(b) ordú logainmneacha a leasú nó a chúlghairm’ [ar nós Acht Log. 1973]’.

Cé gur cheadaigh *Acht Logainmneacha* (1973) leaganacha údarásacha Gaeilge de logainmneacha na tíre chun críche dlí, chiallaigh sé chomh maith de réir dlí go raibh tosaíocht ag na leaganacha Béarla i gcónaí.

Tá pointí tábhachtacha eile in *Acht na dTeangacha Oifigiúla* a bhaineann le logainmneacha nár mhiste a lua.

‘I gcás [a deirtear] ina ndéanfaidh an tAire dearbhú i leith logainm i limistéar Gaeltachta, ní bheidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla den logainm ...

(a) in aon Acht den Oireachtas ...

(b) i cibé léarscáileanna, arna n-ullmhú agus arna bhfoilsíú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi, a bheidh forordaithe, nó

(c) ar chomhartha bóthair nó sráide arna chur suas ag údarás áitiúil ...’.

Tá leasú déanta san Acht nua ar an *Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann* (2001) go sonrach, ‘logainmneacha agus gnéithe seanda sna taifid agus sna bunachair sonraí léarscáilíochta ... a thaispeáint i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge.’

Bhí na teorainneacha a ceapadh do leaganacha Gaeilge na logainmneacha i bhfad ní ba chúinge san *Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann* roimhe sin, ‘to depict place-names including the Irish language equivalent of place-names as advised by An Coimisiún Logainmneacha and declared in place-name orders made under .. the *Place-Names (Irish Forms) Act, 1973.*’

I gcaitheamh na nóchaidí go háirithe, sholáthair an Oifig seo againne logainmneacha Gaeilge le haghaidh **Sraith Eolais** na Suirbhéireachta Ordanáis ar scála 1:50 000. Ba é an polasaí a cuireadh i bhfeidhm ag an am ainmneacha na mbailte fearainn a bheith i mBéarla amháin lasmuigh den Ghaeltacht, .i. an cineál logainm is líonmhaire ar na mapaí úd.

Tá sé i gceist ag an Aire Ó Cuív orduithe logainmneacha a dhéanamh go rialta as seo amach, le comhairle ón gCoimisiún Logainmneacha atá ceaptha i mbliana, ag tabhairt stádas dlíthiúil do na leaganacha Gaeilge ar bhonn taighde atá molta ag ár n-Oifig. Toradh fadtréimhseach a bheidh ar an bpróiseas seo, tá súil againn, ná go gcuirfear deireadh leis an easpa cruinnis agus leis an droch-Ghaeilge a bhí á chásamh ag John Kelly thiar sa bhliain 1973 agus atá fós chomh feiceálach sin ar chomharthaí bóthair.

Teastaíonn uaim dhá ghné eile den ábhar seo a chíoradh, mar atá sráidainmneacha agus ainmneacha eastát nua tithíochta. Is ar na húdaráis áitiúla atá an fhreagracht dhlíthiúil maidir le hainmniú sráideanna agus eastáit tithíochta.

Cé nár luadh sráidainmneacha i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin Logainmneacha a bunaíodh chun scrúdú a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann sa bhliain 1946, tá ról lárnach ag an gCoimisiún agus ag an mBrainse Logainmneacha i soláthar foirmeacha údarásacha Gaeilge de shráidainmneacha ón mbliain 1986 ach go háirithe, tráth ar eisigh an tAire Comhshaoil ciorclán chuig na hÚdaráis Áitiúla inar iarr sé orthu ‘an leagan ceart Gaeilge a chur ar fáil de ainmneacha sráideanna, de bhóithre agus de cheantair chónaithe agus logainmneacha áitiúla a úsáid in ionad logainmneacha nach mbaineann leis an gceantar le haghaidh scéimeanna nua tithíochta’. Sa chiorclán céanna dúradh go raibh An Coimisiún Logainmneacha sásta comhairle a thabhairt d’údaráis áitiúla faoi fhoirm cheart Ghaeilge sráidainmneacha. Tharla gur i gcumas comhairleach atá an Coimisiún ag feidhmiú ó 1955 i leith, is ar an bhfoireann taighde logainmneacha atá an cúram seo i ndáiríre. Ceann de dhualgais an Choimisiúin Logainmneacha, de réir na dtéarmaí tagartha leasaithe a socraíodh i mbliana ná, ‘comhairle a thabhairt don Aire maidir le ainmneacha mionghnéithe tíre agus sráidainmneacha’.

Agus ainmneacha eastát nua á roghnú tá géarghá le pleanáil. Is deas an cur síos atá ag Liam Mac Mathúna, iarbhall den Choimisiún Logainmneacha air seo in aiste dar teideal ‘Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath’ sa leabhar *Sráidainmneacha na hÉireann* a chuir Breandán S. Mac Aodha in eagar:

Dá fheabhas an taighde ar bhunús dúchasach Gaeilge ár logainmneacha atá ag teacht os comhair an phobail le blianta beaga anuas, is é oighear an scéil gur beag ar fad an éifeacht atá aige go fóill ar ainmniú shráideanna agus eastáit na gceantar nua uirbeach, a bhfuil céatadán an-ard de phobal na tíre ag lonnú iontu anois. Teastaíonn beartas cinnte oifigiúil chun a dheimhniú go nascfar oidhreacht logainmneacha na hÉireann leis na hainmneacha nua atá á gcruthú agus a fhágfar le huacht ag sliocht mhuintir na linne seo.

... Tá géarghá le córas a chinnteodh go rachfaí i gcomhairle le dreamanna éagsúla sula gcinntí ar ainmneacha ar leith, córas a chothódh ainmneacha a luífeadh le timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta na n-eastát nua. Tar éis an tsaoil is é an mhórthábhacht a bhaineann le logainmneacha go nascann siad – nó gur chóir go nascfaidís – an pobal lena dtimpeallacht. Ach is baolach nach mar sin a tharlaíonn i gcás mórchuid ainmneacha uirbeacha sa lá atá inniu ann. Is amhlaidh a chuireann na hainmneacha aduaine le coimhthíos phobail na mbruachbhailte, á gcasadh óna dtimpeallacht agus á gcoimeád dall ar an gcúlra fisiciúil agus stairiúil.

Is léir nach bhfuil de réiteach ar an staid mhíshásúil atá i réim faoi láthair ach an logainmniú a bheith mar chuid dhílis den phróiseas pleanála: ba choir go bhféadfadh idir thógalaithe, staraithe áitiúla, shaineolaithe logainmneacha agus ionadaithe poiblí a bheith rannpháirteach i roghnú ainmneacha nua.

I gcruthúnas daoibh nach bhfuil an próiseas ainmnithe mar ba chóir dó a bheith, seo cúpla ainm ar iarradh ar an Oifig seo againne le bliain anuas foirmeacha Gaeilge díobh a sholáthar i gceantar Bhaile Átha Cliath:

Gazelle Mews: Chuir comhghleacaí liom in iúl do na tógálaithe gurb é ciall atá le ‘mews’ ó bhunús ach, ‘an ancillary building (to the rear of an urban townhouse in most cases) which usually provided stabling for horses..’. Dá dheasca sin, is é an bhrí atá le leagan oifigiúil Gaeilge an ainm, **Eachlann na Gasaile**, ‘the horse stabling of the gazelle’! An bhfuil aon bhrí le hainmneacha den chineál seo ach oiread, *Park Boulevard* nó le hainmneacha crann atá ag éirí faiseanta gan aon alt sonrach, *Pines, Laurels* srl.

Ós ag trácht ar fhásra é, seo mar a scríobh An tOllamh Breandán Mac Aodha in 'The History and Nature of Irish Street Names', san irisleabhar *Names* (1989) faoi ainmneacha eastát ar nós *Linden Court, Cedar Court, Rowan Court, Maple Court, Chestnut Court, Willow Court* i gcathair Luimnigh ‘all these in a single post-war housing estate’: ‘Would that this vegetational profusion were reflected in a municipal planning programme of equal dimension and richness, but unfortunately such is not the case.’ Tá ainmneacha nua á dteilgean as an múnla céanna fós. Baistfear *Elmgreen Close, Beechdale Court, Oakley Court, Ashton Court* ar eastáit tithíochta a thógfar gan mhoill i bhFine Gall, Co. Bhaile Átha Cliath.

Críochnóidh mé leis an gcur chuige atá ag lucht pleanála Stócólm na Sualainne i leith ainmneacha nua, de réir cainte a tugadh ag Comhdháil idirnáisiúnta logainmneacha in Uppsala sa bhliain 2002:

Place-names in the urbanised parts of the world are today all the more often the result of controlled naming. In Stockholm, toponymic matters are at first dealt with by the City Planning Committee, from where a selection is passed on to the City council for a final decision. Assisting the City Planning Committee is a non-political group of specialists that prepares the basic data and suggests new names. This name-drafting committee includes experts in the Swedish language, in archaeology, place-names, the history of Stockholm etc... The name drafting committee always begins by assessing the topography and history of the area in question, along with testing possible names against the already existing onomasticon of the area and against the general naming principles practised in the city. ... In addition there is a legal regulation that must be followed, namely a new consideration clause on a ‘code of good place-name practise’ that since July 2000 is a part of the Ancient Monuments and Finds Act.

Tá i bhfad le dul againn!

Aguisín

Caiseal: foirmeacha stairiúla Gaeilge

| | | |
|-------|---|------------------------------------|
| 690c. | super petram coithrigi hi Caissiul | <i>Pat. Texts</i> 162 (Tírechán) |
| 715 | Sloghadh Murchada m. Brain du Chaissil | <i>AU</i> 170.4 |
| 742 | mors Cathail m. Finngüne regis Caisil | <i>AU</i> 196.3 |
| 800c. | i Casiul ... le rí Cassil ... Cassel Cuirc | <i>Longes Chonaill Chuiric</i> 942 |
| | ó Chaissiul | <i>CGH</i> 140 b 33 |
| | hi Caissiul | <i>CGH</i> 148 a 33 |
| | rí Caissil | <i>CGH</i> 149 b 33 srl. |
| 820 | Feidhlimidh m. Cremthain accepit regnum Caissil | <i>AU</i> 276.5 |
| 832 | ri Caisil | <i>ARÉ</i> I 446 |
| 833 | ... dorus a cille la Feidhlimidh righ Caisil | <i>AU</i> 290.7 |
| 834 | ri Caisil | <i>ARÉ</i> I 450 |
| 836 | i Caisiul regum | <i>AU</i> 292.2 |
| 846 | ria nEoghanacht Caisil | <i>ARÉ</i> I 476 |
| 848 | Roinnidh re nEuganacht Caisil for gennti | <i>AU</i> 306.7 |
| 849 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> I 480 |
| 851 | ri Caisil | <i>ARÉ</i> I 484 |
| 853 | Ailgenan m. Donngaile rex Caisil | <i>AU</i> 312.1 |
| 854 | Maolseachlainn do dhul co Caisiol Mumhan | <i>ARÉ</i> I 488 |
| 856 | Mael Sechnaill m. Mael Ruanaigh i c Caisiul | <i>AU</i> 314.2 |
| 870 | tighearna Caisil | <i>ARÉ</i> I 516 |
| 871 | lá righ Caisil | <i>ARÉ</i> I 518 |
| 872 | Cenn Faelad nepos Mochtigern rex Caisil | <i>AU</i> 328.3 |
| 885 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> I 536 |
| 878 | rioghdhamhna Caisil | <i>ARÉ</i> I 528 |
| 888 | Dunchad m. Duib da Baireann rex Caisil | <i>AU</i> 342.4 |
| 890 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> I 544 |
| 895 | Dub Lachtnai m. Mael Ghualai rex Caisil | <i>AU</i> 348.1 |
| 896 | Claomhchludh righ hi c Caisiol | <i>ARÉ</i> I 554 |
| 900c. | do Chaisiul na rí | <i>Bethu Phát.</i> 118 |
| | in dún .i. Caisel | <i>Bethu Phát.</i> 118 |
| | rí Caisil | <i>Bethu Phát.</i> 119 |
| | hi Caisiul | <i>Bethu Phát.</i> 119 |
| | tellach Caisil | <i>Triads</i> 6 |
| 901 | Coemhclodh righ i Caisiul .i. Cormacc m. Cuilennain tar eisi Cinn Gegain | <i>AU</i> 352.3 |
| 902 | Finngüne rex Caisil | <i>AU</i> 352.1 |
| 903 | for Corbmac mac Cuilennáin, rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 566 |
| 908 | rí Caisil | <i>AU</i> 356.3 |
| 920 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 608 |
| 934 | la Ceallachán Caisil | <i>ARÉ</i> II 630 |
| 937 | Ceallachán rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 638 |
| 938 | rí Chaisil | <i>ARÉ</i> II 640 |
| 939 | for righ Caisil | <i>ARÉ</i> II 642 |
| 941 | Ceallachan ri Caisil | <i>AU</i> 388.3 |

| | | |
|--------|---|--------------------------------|
| 942 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 650 |
| 942 | Ceallachán Caisil | <i>ARÉ</i> II 650 |
| 952 | rí Chaisil | <i>ARÉ</i> II 670 |
| 954 | Ceallachan ri Caisil | <i>AU</i> 398.7 |
| 955 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 674 |
| 957 | Mael Fothartaich ri Caisil | <i>AU</i> 400.2 |
| 957 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 676 |
| 958 | tánaisi Caisil | <i>ARÉ</i> II 678 |
| 959 | Dubh da Bairenn m. Domnaill rí Caisil | <i>AU</i> 400.3 |
| 959 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 678 |
| 961 | Fer graidh rí Caisil | <i>AU</i> 402.4 |
| 961 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 684 |
| 963 | Mc. Cellachain rí Caisil | <i>AU</i> 402.4 |
| 965 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 688 |
| 967 | Mathgamain m. Cennetigh ri Caissil | <i>AU</i> 406.5 |
| 976 | Mathgamhuin m. Cennetigh ri Caisil | <i>AU</i> 412.1 |
| 988 | Dunlang m. Duibh da Bairenn ridomna Caisil | <i>AU</i> 420.1 |
| 995 | Cumtach Cassil | <i>AIF</i> 170.6 |
| 1010 | ríoghdhamhna Caisil | <i>ARÉ</i> II 764 |
| 1011 | Aedh m. Mathgamna ridomna Caissil | <i>AU</i> 442.5 |
| 1015 | for Eoghanacht Caisil | <i>ARÉ</i> II 788 |
| 1015 | ríoghdhamhna Chaisil | <i>ARÉ</i> II 788 |
| 1025 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 810 |
| 1038 | ríoghdhamhna Caisil | <i>ARÉ</i> II 834 |
| 1057 | tigherna Chaisil | <i>ARÉ</i> II 874 |
| 1030c. | co Cassel Muman | <i>LL</i> IV 797, 23735 (Fland |
| | Mainistrech) | |
| 1030 | Léim i c Caisel | <i>ARÉ</i> II 820 |
| 1038 | Cu Duilig H. Donnchada ridomna Caisil | <i>AU</i> 476.6 |
| 1045 | Carrthach m. Soerbrethaig ri Eoganachta Caisil | <i>AU</i> 482.5 |
| 1045 | tigherna Eoghanacht Chaisil | <i>ARÉ</i> II 848 |
| 1052 | M. Raith H. Donnchada ri Eoganacht Caisil | <i>AU</i> 488.4 |
| 1052 | tigherna Eoghanachta Chaisil | <i>ARÉ</i> II 860 |
| 1053 | Donnchad H. Ceallachan ridomna Caisil | <i>AU</i> 490.5 |
| 1053 | ríoghdhamhna Caisil | <i>ARÉ</i> II 862 |
| 1057 | Dungal H. Donnchada ri Eoganachta Caisil | <i>AU</i> 494.2 |
| 1078 | Concobur H. Donnchada ridomna Caisil | <i>AU</i> 514.5 |
| 1078 | ríoghdhamhna Caisil | <i>ARÉ</i> II 912 |
| 1090 | Muircertadch H. Briain ri Caisil | <i>AU</i> 524.4 |
| 1090 | rí Caisil | <i>ARÉ</i> II 938 |
| 1091 | hi c Caisseal | <i>ARÉ</i> II 940 |
| 1092 | Muiredach m. Carthaigh ri Eoganachta Caisil | <i>AU</i> 526.4 |
| 1092 | tigherna Eoghanachta Caisil do mharbhadh lá Ceallachán Caisil | <i>ARÉ</i> II 942 |
| 1093 | Donnchadh m. Carrtaigh ri Eoganachta Caisil | <i>AU</i> 526.1 |
| 1093 | i Cassiul | <i>AIF</i> 246.11 |
| 1095 | Caisel na rí | <i>ATig.</i> XVIII 17 |
| 1100c. | Cassel | <i>Met. Dind.</i> III 202 |
| | ríg Caisil | <i>Met. Dind.</i> IV 62 |

| | | |
|--------|---|--|
| | ríg Cassil | <i>LL I 97, 31134</i> (do fhlaithesaib |
| Hér.) | | |
| | Chaisil (gin.) | <i>CGSH 330.2, 662.234</i> |
| | i Caissel | <i>CGSH 722.69</i> |
| 1101 | Caisiol na ríogh | <i>ARÉ II 966</i> |
| 1101 | i Caisil ... Caisil na righ | <i>ATig. XVIII 22</i> |
| 1102 | Caisil do loscadh do Eilibh | <i>AU 540.11</i> |
| 1107 | Caisiol | <i>ARÉ II 984</i> |
| 1115 | Cellachán Hua Cellachain Cassil | <i>AIF 274.6</i> |
| 1118 | i Caisiul | <i>AIF 276.3</i> |
| 1124 | Mael Sechlainn ... ri Caisil | <i>AU 568.6</i> |
| 1124 | i g Caisiul | <i>ARÉ II 1018</i> |
| 1131 | airdepscop Caisil | <i>ARÉ II 1036</i> |
| 1134 | rí Caisil | <i>ARÉ II 1046</i> |
| 1158 | airdepscop Caisil | <i>ARÉ II 1128</i> |
| 1179 | Caisiol | <i>ARÉ III 50</i> |
| 1194 | Ú Briain do marbad do Gallaib i Caissiul | <i>AIF 320.5</i> |
| 1195 | Caisiol | <i>ARÉ III 100</i> |
| 1215 | airdespoc Caisil | <i>ARÉ III 184</i> |
| 1216 | ardespuc Caisil | <i>AU II 260</i> |
| 1232 | Donchadh O Lonbrogain ... arciepisopus Casilensis | <i>AIF 348.1</i> |
| 1238 | Marin O Briain arciepisopus Casilensis | <i>AIF 350</i> |
| 1239 | Frater Daid mac Ceallaig ... in arciepiscotem Casilensem | <i>AIF 350</i> |
| 1253 | airdepscop Caissil | <i>AU II 316</i> |
| 1253 | Frater Daid Ardepscop Cassill | <i>AIF 356.1</i> |
| 1255 | Airdespocoiti Casil Muman | <i>AConn. 1255.5</i> |
| 1255 | Mac Cerbaill do gabail airdespucoideachta Caisil Mumhan | <i>ARÉ III 352</i> |
| 1277 | Ardeaspuc Cassili. Daid Mc. Queruyll | <i>AIF 372.3</i> |
| 1280 | Ardepscop Cassil | <i>AIF 376.6</i> |
| 1283 | Ayrdepscop Kassil | <i>AIF 384.9</i> |
| 1302 | Sdiamna O Bragain airdespuc Caisil | <i>AU II 398</i> |
| 1302 | airdespacc Caisil | <i>AConn. 1302.8</i> |
| 1302 | airdeaspucc Caisil | <i>ARÉ III 474</i> |
| 1317 | per Casselum | <i>AIF 424.3 srl.</i> |
| | Caisiol Mumhan | <i>ARÉ I 854.488</i> |
| | Caisiol | <i>ARÉ III 1180.50</i> |
| 1400c. | Caiseal na ríogh | <i>Top. Poems 1.1177</i> |
| | fá chlár Chaisil | <i>Top. Poems 1. 1182</i> |
| | do Chaiseal | <i>Top. Poems 1. 1186</i> |
| | i ttimcheall Chaisil | <i>Top. Poems 1. 1193 srl.</i> |
| 1470c. | úir Chaisil Chuire | <i>Marcher Lords 76</i> |
| 1482c. | ardesbuig Chaisil | <i>Marcher Lords 4 srl.</i> |
| 1580c. | a gCaiseal Mhuman ... ar margad Caisil | <i>Cat. NLI I 3</i> |
| 1633c. | Caiseal | <i>FFÉ I 122, III 18</i> |
| 1652 | Caisil (gin.) | <i>Ó Bruadair I 28</i> |
| | Caiseal | <i>Ó Bruadair I 98 srl.</i> |
| 1700c. | Caiseal | <i>Ó Rathaille 28 srl.</i> |
| 1750c. | a c Casil | <i>Vis. Bk. I 15</i> |
| 1835 | laimh le Caisiol Mumhan | <i>Cinnlae Amhl. IV 106</i> |